# Geilleagar ciorclach faoi 2050: straitéis an Aontais Eorpaigh




Tá an athchúrsáil ag croílár an gheilleagair chiorclaigh

**Le plean gníomhaíochta an Aontais maidir le geilleagar ciorclach, tá feisirí ag iarraidh dramhaíl a laghdú agus cur le hinbhuanaitheacht táirgí.**

Bheadh gá le 2.8 domhan faoi 2050 chun freastal ar ár riachtanais dá leanfaí leis na nósanna tomhaltais atá ag na hEorpaigh faoi láthair. Chun dul i ngleic le fadhb na n-acmhainní teoranta agus leis an ghéarchéim aeráide, caithfear aistriú chuig geilleagar iomlán ciorclach atá neodrach ó thaobh carbóin de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus iomlán neamhthocsaineach faoi 2050.

Tá an phaindéim reatha tar éis aird a tharraingt ar laigí ó thaobh acmhainní agus slabhraí

luacha de, le gnólachtaí beaga agus meánmhéide agus tionsclaíocht buailte go mór mór. Éireoidh le geilleagar ciorclach líon na n-astaíochtaí $CO_2$ a laghdú, ach spreagfar fás eacnamaíoch agus cruthófar deiseanna fostaíochta ag an am céanna.

*Tuilleadh maidir leis an ngeilleagar ciorclach*

# Plean gníomhaíochta AE do gheilleagar ciorclach

De réir chuspóir na haeráidneodrachta faoi 2050 atá ag croíláir an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach i mí an Mhárta 2020. Baineann an plean le dramhaíl a chosc agus a bhainistiú, d'fhonn go mbeidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta sa réimse trí fhás agus iomaíocht a chothú.

An 27 Eanáir, thug baill an choiste um an gcomhshaol a gceadú don phlean, ag éileamh spriocanna ceangailteacha 2030 maidir le tomhaltas ábhar. Ghlac feisirí na Parlaiminte ar fad an tuarascáil an 10 Feabhra.

# An t-aistriú chuig táirgí inbhuanaithe

D'fhonn margadh AE a bhaint amach atá bunaithe ar tháirgí inbhuanaithe, aeráidneodracha agus tíosacha ar acmhainní, tá molta ag an Choimisiún go leathnófaí raon na treorach maidir le héiceadhearthóireacht chun táirgí nach bhfuil bainte le fuinneamh a chur san áireamh. Tá feisirí ag iarraidh go mbeidh na rialacha úra i bhfeidhm faoi dheireadh 2021.

Tá a dtacaíocht tugtha ag feisirí chomh maith do bhearta chun dul i ngleic le dífheidhmeacht phleanáilte, cur le marthanacht agus indeisitheacht táirgí, agus cearta an tomhaltóra a neartú trí "cheart chun deisiúcháin". Áitíonn siad go bhfuil de cheart ag tomhaltóirí bheith ar an eolas maidir leis an tionchar atá ag na táirgí agus na seirbhísí a cheannaíonn siad ar an chomhshaol, agus gur cheart don Choimisiún togra a mholadh chun dul i ngleic leis an "snas glas", nuair a mhargaítear táirge mar cheann atá neamhdhíobhálach don timpeallacht, nuair is a mhalairt atá fíor.

I mí an Mhárta 2022, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Parlaiminte chun uasdátú a dhéanamh ar rialacha AE do thomhaltóirí i gcomhréir leis an aistriú glas agus ceann eile i dtaca le maíomhanna glasa i mí an Mhárta 2023.

Ghlac feisirí comhaontú sealadach leis an gComhairle in Eanáir 2024 chun uasdátú a dhéanamh ar rialacha AE maidir le tomhaltóirí. Déanfar glas-snasú a chosc agus tuilleadh eolais a chur ar fáil do thomhaltóirí maidir le marthanacht a gcuid táirgí.

# Earnálacha bunriachtanacha don gheilleagar ciorclach

Tá sé riachtanach go mbíonn ciorclaíocht agus inbhuanaitheacht lárnach ag gach céim den

slabhra luacha chun geilleagar iomlán ciorclach a bhaint amach: ó chéim an deartha, go dtí an táirgeadh, agus ar aghaidh chuig an tomhaltóir. Leagann plean gníomhaíochta an Choimisiúin seacht réimse amach atá bunriachtanach chun geilleagar ciorclach a bhaint amach: plaistic; teicstílí; r-dhramhaíl; bia, uisce agus cothaithigh; pacáistíocht; cadhnraí agus feithiclí; foirgnimh agus tógáil.

## Plaistic

Tacaíonn feisirí leis an Straitéis Eorpach le haghaidh Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach, a chuirfeadh deireadh le húsáid na micreaplaisteach de réir a chéile.

*Tuilleadh maidir le dramhaíl phlaisteach in AE.*

## Teicstílí

Úsáidtear a lán amhábhar agus uisce agus teicstílí á dtáirgeadh, agus ní dhéantar ach níos lú ná 1% díobh a athchúrsáil. Tá feisirí ag éileamh bearta nua i gcoinne caillteanas micreashnáithíní agus caighdeáin níos déine maidir le húsáid uisce.

*Tuilleadh maidir le tionchar na dteicstílí ar an chomhshaol.*

## Earraí leictreonacha agus ríomhaireachta

Is é dramhthrealamh leictreach agus leictreonach – nó r-dhramhaíl – an sruth dramhaíola is mó fás in AE, agus déantar níos lú ná 40% de a athchúrsáil. Tá feisirí ag iarraidh go gcuirfeadh an tAontas saolré táirge níos faide chun cinn trí in-athúsáideacht agus indeisitheacht.

*Fíricí agus figiúirí maidir le r-dhramhaíl.*

## Bia, uisce agus cothaithigh

Meastar go gcailltear nó go gcuirtear amú 10% den bhia iomlán atá ar fáil in AE. Tá feisirí ag éileamh go laghdófaí an méid seo faoina leath faoi 2030 mar chuid den straitéis “On Fheirm go dtí an Forc”.

*Tuilleadh léitheoireachta faoin gcur amú bia a laghdú.*

## Pacáistíocht

Bhain dramhaíl phacáistíochta a leibhéal is airde riamh amach in 2017. Tá sé de chuspóir ag rialacha úra go mbeadh an phacáistíocht ar fad a úsáidtear in AE in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030.

## Cadhnraí agus feithiclí

Tá togra faoi chaibidil ag feisirí maidir le táirgeacht agus ábhar cadhnraí in AE, a chuirfeadh iallach ar tháirgeoirí a chinntiú go mbeadh lorg carbóin íseal ag an phróiseas, agus go mbeadh orthu cearta daonna agus caighdeáin shóisialta agus éiceolaíocha a urramú.

## Tógáil agus foirgnimh

Tá an earnáil tógála freagrach as breis agus 35% de dhramhaíl iomlán an Aontais. Tá feisirí ag iarraidh cur le saolré na bhfoirgneamh, chomh maith le cuspóirí laghdaithe maidir le lorg carbóin na n-ábhar agus bunriachtanais maidir le héifeachtúlacht acmhainne agus fuinnimh a leagan.

# Bainistíocht agus seoladh dramhaíola

Gineann an tAontas Eorpach breis agus 2.5 billiún tona uisce gach bliain, leis an chuid is mó de ag teacht ó thithe. Tá feisirí ag éileamh go gcuirfeadh na ballstáit feabhas ar chaighdeán na gcóras athchúrsála, le níos lú béime ar líonadh talún agus loscadh.

*Staitisticí: líonadh talún agus athchúrsáil in AE.*

**Tuilleadh eolais**

Tuarascáil an choiste um an gcomhshaol
maidir leis an ngeilleagar ciorclach
An traein reachtach
Nós imeachta
Leathanach an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an ngeilleagar ciorclach
Grafaic faisnéise: an geilleagar ciorclach
Staidéar: bearta AE maidir le plaisteach agus micreaphlaistigh
Agallamh Facebook le Jan Huitema
Bileog eolais ar thomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe
Dramhaíl ó phacáistíocht